Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Eanáir 2021
(OR. en)

5322/21

LIMITE

COPS 14
POLMIL 5
EUMC 6
CFSP/PESC 27
CSDP/PSDC 10
COAFR 15

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle lena seoltar cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine |

1. An 15 Eanáir 2021, tháinig an Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata (PMG) ar chomhaontú maidir leis na *dréacht-Chonclúidí ón gComhairle lena seoltar cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine*.

2. An 19 Eanáir 2021, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) na dréachtchonclúidí ón gComhairle, d'fhonn iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena bhformheas, trí Choiste na mBuanionadaithe (COREPER).

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar COREPER na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad a fhormheas agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE LENA SEOLTAR CÁS PÍOLÓTACH CHOINCHEAP NA LÁITHREACHTAÍ MUIRÍ COMHORDAITHE I MURASCAILL NA GUINE

1. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht straitéiseach a bhaineann le réigiún Mhurascaill na Guine agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil rún daingean aici tacú le Stáit Iarthar na hAfraice agus le Stáit Lár na hAfraice agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá roimh an tslándáil mhuirí, lena n-áirítear an choireacht eagraithe.

2. Go háirithe, chomh fada siar le mí an Mheithimh 2013, rinne Stáit na hAfraice Thiar agus Lár na hAfraice, arb iad atá freagrach go príomha as comhrac na coireachta muirí sa réigiún, gealltanais pholaitiúla in "Cód iompair maidir leis an bpíoráideacht, an robáil armtha ar longa, agus gníomhaíocht neamhdhleathach muirí san Afraic Láir san Afraic Thiar a chur faoi chois". Bhain ríthábhacht leis na gealltanais sin agus Ailtireacht Yaoundé á bunú chun comhordú agus comhar maidir leis an tslándáil mhuirí a fheabhsú.

3. Bíodh sin mar atá, tá timpeallacht dhúshlánach fós i réim i Murascaill na Guine agus píoráideacht, robáil armtha ar muir, fuadach mairnéalach, iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, smuigleáil drugaí agus arm, agus gáinneáil orthu, ar bun; tá an choireacht eagraithe thrasnáisiúnta ina mórbhagairt don tslándáil mhuirí, rud a chuireann as don tsaoirse loingseoireachta, a chuireann i mbaol na mórbhealaí trádála, forbairt inbhuanaithe an réigiúin ar fad agus slí bheatha eacnamaíoch an daonra, agus a fhágann meath ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht dá bharr.

4. Ós amhlaidh atá, is é tiomantas an Aontais an obair atá ar siúl le Stáit chósta Mhurascaill na Guine agus le heagraíochtaí Ailtireacht Yaoundé a mhéadú, trí rannpháirt oibríochtúil níos mó a bheith ag an Eoraip, lena n-áirítear trí leanúnachas, frithghníomhacht, comhlántacht agus sineirgíocht a áirithiú idir gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse straitéiseach seo, ach gan dearmad a dhéanamh ach oiread ar an gcomhar leis an tionscal muirí.

5. Ag meabhrú di Straitéis Slándála Muirí an Aontais agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, chomh maith le Straitéis an Aontais maidir le Murascaill na Guine agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, agus ag eascairt as na Conclúidí ón gComhairle a eisíodh an 17 Meitheamh 2020, is mian leis an gComhairle cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) i Murascaill na Guine a sheoladh leis seo. Cé nach ionann é ar chor ar bith agus misin agus oibríochtaí CBSC, is féidir le cás píolótach an tionscnaimh nua seo de chuid an Aontais – lena léirítear ról méadaitheach an Aontais mar sholáthraí slándála muirí – a bheith ina mhórchuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála atá i Murascaill na Guine.

I ndáil leis sin, a bhuí le cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe, ba cheart go gcuirfí ar chumas an Aontais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- infheictheacht na láithreachta muirí atá ag an Aontas a fheabhsú agus tacú le cuspóirí straitéiseacha agus polaitiúla an Aontais, lena n-áirítear coinbhleachtaí a chosc, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha;
- an comhar idirnáisiúnta ar muir a chur chun cinn, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus go háirithe UNCLOS, agus malartú faisnéise a chothú i réimse na slándála muirí i réimsí sonracha;
- láithreachtaí muirí comhordaithe a úsáid mar uirlis phragmatach mhuirí de chuid Chur Chuige Comhtháite an Aontais.

6. Faoin gcreat seo, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

- Murascaill na Guine a bhunú mar Limistéar Leasa Muirí (MAI); is díol sásaimh di bunú Chill Chomhordaithe an Limistéir Mhuirí Leasa (MAICC);
- aithníonn sí a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhordú a dhéantar ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na sócmhainní sin dá gcuid a imscartar sa MAI faoi cheannas náisiúnta, ar bhonn deonach. Áiritheoidh an Chomhairle go mbeidh rialú polaitiúil ann agus tabharfaidh sí treoir straitéiseach maidir le cás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe a chur chun feidhme;
- cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chomhroinnt dheonach na faisnéise slándála muirí i measc na mBallstát agus na gcomhpháirtithe atá gníomhach i gcás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i gcás ina meastar, agus nuair a mheastar, gurb iomchuí sin chun feabhas a chur ar an bhfeasacht atá ann ar an bhfearann muirí sa Limistéar Leasa Muirí (MAI);
- bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme chás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe, scrúdóidh an Chomhairle an bhféadfaí an coincheap sin a chur i bhfeidhm i réimsí muirí eile ar le leas an Aontais iad;
- fillfidh sí ar chur chun feidhme chás píolótach choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine faoi Eanáir 2022.

7. Is fada leis an gComhairle dlúthchomhar leantach a dhéanamh le Stáit na hAfraice Thiar, le Stáit Lár na hAfraice, agus le heagraíochtaí Ailtireacht Yaoundé ar mhaithe leis an obair sin a cur chun cinn.